

# FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,

Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le [www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: [leabhar@nuacht.com](mailto:leabhar@nuacht.com)

## Bás na Máthar

... bitter constraint and sad occasion dear  
Compels me to disturb...

Shuigh sé ag an mbord, na géaga á bhfillleadh ar a chéile ar a leabhar filíochta, a cheann síos, ag suanaíocht ar a lámha. Mhothaigh sé teas an tsoirn ar thaobh amháin dá chorp.

Agus chuala sé an fhuaim a rinne a mháthair leis an spúnóg adhmaid agus í ag corraí chomhábhair an cháca milis a bhí á meascadh aici sa mbabhla gorm. Steall sceidín isteach sa mbabhla. Bhí lámha a mháthar bricneach, bánbhuí ar an taobh amuigh, ach mílteach ar an taobh istigh nach bhfuair aon ghrian, cosúil le hull scoilte

“Tá tú i do shuí ansin ag brionglóidí. An dteastaíonn uait go dtiocfaidh sé isteach duit?”

D’fhéach sé aníos uirthi. As baile ar scoil, ba í an t-aon duine ar smaoinigh sé uirthi. Bhí a súile móra donna bog, geal, ag damhsa le macántacht agus – nuair a fuair sí an seans – le greann. Má dúirt tú rud éigin greannmhar shoilsigh siad le haoibhneas. Nuair a theip uirthi a athair a ghiúmaráil dhorchaigh siad le himní.

D’fhrithchaith sí solas agus dorchacht cosúil le loch. Ar a muineál bhí blúire beag feola ar dhath tósta dhóite agus ribe gruaige aonair ag fás ann. Cosúil le faithne bhí scoilteanna bídeacha ann. “Is ball do bhráin é mura miste leat é! Mo bhall álainn. Tá craiceann mná róleochaileach d’aon rud eile.”

Thaithnigh sé go mór leis nuair a déirigh sí crosta. Ní fhéadfá fearg a ghlaoch air. Ghníomhaigh sí mar ghirseach, a ceann á chroitheadh aici go tréan agus smeachadh á bhaint as na liopaí. Bhrúigh sí na ribíní gruaige lena méara óna haghaidh chun a thaispeáint chomh feargach is a bhí sí.

Chuir sé seo ag gáire é. Bhain sé an-phléisiúr as nuair a thosaigh na focail ag titim amach as a béal.

*I’m flitterin’ mad. I’m so angry I could eat myself. You or him do nothing, me do everything. If them boots are still lying there when I come back there’ll be wigs on the green. And it’s no laughing matter. All covered with mud on them everywhere all over the floor.*

Thug sé barróg di nuair a bhí sí ag tabhairt amach, a cheann ar a gualainn agus a ghrua lena grua.

“Is dóigh liom go mbeadh sé níos fearr dom dul amach chuige. Cad atá uaidh?”

“Téigh amach agus iarr air. Ag am tae beidh toirtin úll agam.”

Sheas sé suas agus chuir sé a leabhar i mbolg an innill fuála.

“Is mian liom nach ndéanfá sin.”

“Is í an t-aon áit go mbeadh a fhios agam go bhfaighidh mé é.”

Dhún sé síos an clúdach le plop. Ba é an t-inneall an rud ba mhíne sa teach. Choimeád a mháthair snas air i gcónaí agus sa tarraiceán ar chlé bhí a spóil, snáth, snáthaidí, cnaipí agus a lán rudaí eile.

Sa tarraiceán ar dheis bhí boinn naofa, ribíní, bosca DDT, agus déad mór fiacla bréaga a fuair sé uair amháin um Nollaig

Nuair a d’úsáid sí an t-inneall rinne sé *clickety-clack* ar fud na cistine. Sa treillis, i litreacha órga, bhí an t-ainm SINGER. Boiriúnach a bholg chun a leabhair a choimeád ann.

As an tarraiceán thóg sé amach na fiacla bréaga agus chuir sé ina bhéal iad ag ligint air gur Dracula a bhí ann.

Ag corraí an chomhábhair sa bhabhla, lig a mháthair uirthi féin nach bhfaca sí é.

Ach lean sé ar aghaidh ag pleidhíocht go dtí nach raibh sí in ann an gáire a choimeád istigh níos mó agus phléasc sí amach, a guaillí ag croitheadh agus a haghaidh agus a súile geall le haoibhneas. Bhí grá aici dó. Sin, ar a laghad, a bhí a fhios aige.

Nuair a chuaigh sé amach bhí a athair i scioból na bprátaí. Síos ar ghlúin amháin ar lorg cinn lofa agus á gcaitheamh i mbuicéad. Bhí an t-urlár clúdaithe le carn mór prátaí. Luigh siad ar an choinceid cosúil le cloigne feoite.

Liath, searg, brachadh ag síleadh as a gcráiceann scoilte. D’fhás lofacht súl uathu cosúil le starrfhiacra craptha.

“Céard sa diabhal a choinnigh thú?”

“Bhí rud éigin á dhéanamh agam.”

“Nuair a theastaíonn uaim thú as seo amach, léim dó! Ná ceap go mbeidh tú i do shuí sa chistin sin ar feadh an tsamhraidh go léir, *me buck*. Má cheapann, tá rud éigin eile ag

teacht chugat. Folmhaigh é sin.”

Ag iompar an bhuicéid chuaigh sé síos an cosán agus isteach i rith na gcearc. Bhí an rith ag dul le fanaidh chuig riasc a luigh idir a bhfeirm agus feirm na comharsan.

Thiontaigh an síleadh ó charn aoiligh na comharsan an t-uisce sa riasc isteach i bpraiseach lofa.

Chaith sé na prátaí trí pholl sa sceach ann. Ba pháosa talún í a bhí i log íseal inar bailíodh dramhaíl an cheantair go léir ann. Neadaigh francaigh ann.

An fásra ite go hiomlán i rith na gcearc, ní raibh ann i ndáiríre ach cáca dóibe ina bhféadfá réiltíní chos na gcearc a fheiceáil ann.

Ba *Rhode Island Reds* iad na cearca go léir, an coileach veilbhít – dubh le sprochaille agus cíor ar dhath na greine ag dul faoi.

D’fhéach sé air nuair a thug sé ruathar ar chearc á bagairt go humhal íseal le glagarach grágach. Ba chosúil a bhall le bachelóg i súil práta.

Bhí sé éasca d’éin agus d’ainmhithe. Ní raibh aon bhréagrialacha ná bréag-gheanmnaíocht ann.

Ghníomhaigh siad ó nádúr. Más coileach a bhí ionat, luigh cearca síos duit, á leathadh féin chun cabhradh leis an ghníomh, chomh simplí sin.

Ag leagadh síos an bhuicéid rith sé i ndiaidh circe. Tar éis cúpla troigh stop sí, á cromadh féin ag a chosa. Ag fanacht leis ionann is gur coileach a bhí ann.

Rinne cearca é sin. Má bhí aon rud sa tóir orthu níos mó ná iad féin luigh siad síos agus ghéill siad. A thiarna, nach raibh sé éasca do choiligh!

Phioc sé suas an chearc. Bhí sí te agus bog. Lena mhéar mhothaigh sé an daingne shoshínte faoina ruball. Chuaigh drithlín gnéasach tríd. Preab chorraitheach. Chonaic sé é á dhéanamh ag a mháthair. Ach bhí teastáil uibhe ar siúl aici

“Cad sa diabhal atá ar siúl agat?” Preab á baint as, d’iompaigh se thart. Bhí a athair ar an taobh eile den tsreang, a aghaidh chomh feargach le driseog.

“Tá mé ... tá mé ag teastáil le huibheacha.”

“Ní theastaíonn uaithe go n-inseoidh tú di cathain a bhéarfadh sí ubh dúinn. Brostaigh leis an mbuicéad sin.

Tá mé imithe as mo mheabhair leat.”

Sa scioból ar a nglúinte ag saibhseáil tríd na cairn lofa bhí teannas eatarthu. Ní raibh i gcuid de na prátaí ach liathróidí éadroma craicinn. Croithe ite ag seilidí ní raibh fágtha ach a gcráiceann.

Ach bhí cinn eile chomh lofa sin go raibh glae bán ag síleadh amach astu agus bhí boladh bréan uathu a gheobhfá ó aiseag. Níor mhaith leis an stuif lofa seo a fháil ar a mhéara agus bhí sé i gcónaí á nglanadh ar an urlár coinceiteach.

“Stop sin. Ní dhéanfaidh sé aon dochar duit.”

“Ní maith liom é.”

“Mo thrua thú.”

Bhí a athair ag cromadh don obair amháin is go raibh sé ag croitheadh óir. Láimhseáil sé na cinn mhaithe ionann is gur seoda a bhí iontu, agus na cinn lofa chaith sé sa bhuicéad iad le déistin ar a aghaidh.

*Ah-ha, ya beggar.*

Thógfadh sé na cianta orthu dul tríd na cairn go léir. Bhí cuma eilifintí marbha orthu. Ba ghráin leis an obair agus theastaigh uaidh bheith ar ais i dteocht na cistine lena mháthair. B’ifreann é an scioból fuar gaofar.

Bhí na gealasacha tite ó ghuailí a athar anois. Bhí cúl a lámh úr, dearg agus a mhéara bán agus maol. Cosúil le broc ag rabhar sa charn aoiligh lean sé ar aghaidh go feargach.

“Cad air a bhfuil tú ag

féachaint?”

“Tada.”

“Folmhaigh an buicéad sin agus brostaigh.”

Níor lean na cearca níos mó é mar bhí a fhios acu nach raibh aon bhia ann dóibh. Chaith sé an praiseach lofa tríd an pholl sa sceach. Bholáigh sé mar thromluí ón stair. Bhí saol garbh ag a athair nuair a bhí sé óg.

Déirigh lena sheanathair teacht slán as an ngorta. Caitheadh amach as a theach é ag an tiarna talún. “Bhí orthu cónaí i bpoll sa phortach ar dtús go dtí gur éirigh leo cró dóibe a dhéanamh le géaga agus luachair ar an díon. “Is ansin a rugadh mise. Agus is féidir leat é sin a insint ag do scoil ghalánta.”

Níor thaispeáin a athair aon mhothúchán. Ach nuair a labhair sé faoin am a bhí caite d’fhéadfadh sé do chroí a at agus do shúile a thiontú ina dtobair. Bhí an aimsir chaite sáite ina chuid putóg.

Ag teacht amach as rith na gcearc thug sé faoi ndeara an coileach agus na cearca timpeall air. Bhí an coileach ag féachaint isteach i gcro na gcearc, a cheann á chasadh aige ó thaobh go taobh. Nuair a fuair sé an seans féachaint isteach chonaic sé ubh ar an urlár.

De phlab bog léim francach in aice léi. Ar an gcéad amharc dhealraigh sé go raibh sé ag éirí bheith ina shuí scartha uirthi ach ansin thosaigh sé á bhrú lena shoc.

Ar eagla go rithfeadh an francach nuair a d’fheiceadh sé é, chuaigh sé go cíuín go

## Gearrscéal le Pádraig Mac Diarmada

dtí an taobh eile den rith agus d’fhan sé gan corraí. D’imigh an coileach fosta ar leanúint ag na cearca, an coileach ag grágaíl go míchéatach. I bpreabadh na súl chuaigh sé ag marcaíocht ar cheann acu.

I slí amháin nó i slí eile déirigh leis an bhfrancach an ubh a thógaint as an nead ar a bhfara gan é a bhriseadh. Anois ní raibh a fhios aige cad a bhí á dhéanamh ag an bhfrancach mar bhí an doras oscailte ina bhealach. Ansin roll an ubh amach sa ghrian, an francach á brú lena shoc.

Chuaigh an rith le fanaidh i dtreo na sceithe agus an réisc. B’anseo a neadaigh na francaigh. De bharr go raibh a ualach ubhchruthach bhí trioblóid aige an ubh a choimeád díreach. Ach níor ghéill sé.

Déirigh leis í a threorú ar ais ar an mbóthar ceart, a chosa tosaigh ar an ubh agus a chinn deiridh sa chlár, nuair a d’imigh sé as bealach.

Ón scioból chuaigh sé a athair ag glaoch.

*Come here to hell. What do you think you are playing at?*

Agus é ag teacht, dhírigh a athair é féin agus chuir sé na gealasacha ar ais ar a ghuailí. Bhí dhá gheata i rith na gcearc.

Nuair a tháinig a athair isteach i gceann amháin, rith sé amach an ceann eile. Bhí sé soiléir go raibh sé chun é a bhualadh. Má tharla sé sin chaithfeadh sé an Samhraidh i gcúran fuatha agus gránach.

*Ar lean an tseachtain seo chugainn.*

